



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**

# **AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH**

## **GAEILGE CHUMARSÁIDEACH**

**SIOLLABAS NUASHONRAITHE**

**LE hÉIFEACHT Ó MHEÁN FÓMHAIR 2010**

**(athruithe ar an siollabas bunaidh aibhsithe)**



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for Curriculum and Assessment



Réamhrá .....	5
Cur Síos ar na Modúil .....	5
Modúl 1: An Ghaeilge thart timpeall orainn .....	5
Modúl 2: An Ghaeilge mar theanga bheo .....	5
Aidhmeanna Ginearálta .....	6
Treoirínte Ginearálta do Mhúinteoirí.....	6
Scrúdú Seachtrach.....	7
Modúl 1: An Ghaeilge thart timpeall orainn.....	9
Aidhm.....	9
Cuspóirí.....	9
Torthaí Foghlama.....	10
Treoirínte do Mhúinteoirí .....	10
Eochair-Chleachtaí.....	13
Modúl 2: An Ghaeilge mar theanga bheo.....	15
Aidhm.....	15
Cuspóirí.....	15
Torthaí Foghlama.....	16
Treoirínte do mhúinteoirí .....	16
Eochair-Chleachtaí.....	18
Acmhainní Leictreonacha.....	19



# Réamhrá

Is é atá i gceist leis an gclár seo ná cúrsa Gaeilge praiticiúil idirghníomhach ag leibhéal na hArdteistiméireachta a chur ar fáil. Is í an aidhm atá leis ná go mbeadh úire ag baint leis an gcúrsa agus go mbeadh an cúrsa oiriúnach don ghrúpa ar a bhfuil sé dírithe.

Cúrsa bunaithe ar riachtanais agus ar mhianta teanga an lae inniu atá i gceist. Is í fealsúnacht an chúrsa gur linn ar fad an Ghaeilge agus go bhfuil sé de cheart ag gach scoláire an deis a fháil an teanga a fhoghlaim. Athrú béime agus ní íslíú caighdeáin atá i gceist. Is ar scoláirí i scoileanna nach scoileanna Gaeltachta ná scoileanna lán-Ghaeilge iad atá an cúrsa seo *Gaeilge Chumarsáideach* dírithe.

## Cur Síos ar na Modúil

### Modúl 1: An Ghaeilge thart timpeall orainn

Modúl é seo ina gcuirfear scoláirí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid sa scoil agus lasmuigh di. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as an nGaeilge sin agus páirt ghníomhach a ghlacadh san fhoghlaim. Déanfaidh na scoláirí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

### Modúl 2: An Ghaeilge mar theanga bheo

Modúl é seo ina gcuirfear ar chumas na scoláirí páirt a ghlacadh ina sainspéiseanna agus a gcaitheamh aimsire féin trí mheán na Gaeilge. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as saol na hoibre agus cumarsáid bhunúsach a dhéanamh i suíomhanna éagsúla oibre. Déanfaidh na scoláirí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

## Aidhmeanna Ginearálta

- An scoláire a ullmhú do shaol an duine fásta agus do shaol na hoibre
- Go gcuirfí ar chumas an scoláire feidhmiú trí Ghaeilge i suíomhanna áirithe ar fhágáil na scoile dó/di
- Go gcuirfí béim ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire
- Go n-úsáidfí an pobal áitiúil agus timpeallacht na scoile mar thaca don fhoghlaim
- Go gcuirfí ar chumas an scoláire cumarsáid bhunúsach a dhéanamh as Gaeilge
- Go gcuirfí níos mó béime ar fhorbairt na scileanna cluastuisceana agus labhartha ná mar a chuirfí ar na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta
- Go bhforbrófaí scileanna taighde agus eagrúcháin an scoláire.

## Treoirínnte Ginearálta do Mhúinteoirí

### Moltar:

- An Ghaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh ranga
- Béim a leagan ar chluastuisceant agus ar labhairt na teanga sula ndéantar iarracht scileanna léitheoireachta agus scríofa a fhorbairt
- Spéiseanna na scoláirí a úsáid mar ábhar ceachta
- Cloí le múineadh na Gaeilge do shuíomhanna réadúla agus do chomhthéacsanna a bhaineann leis na scoláirí
- Réimse leathan modhanna múinteoireachta a úsáid
- Réimse leathan modhanna meastóireachta a úsáid
- Obair bheirte, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh le neart deiseanna a thabhairt do na scoláirí a bhfuil á fhoghlaim acu a chleachtadh
- Ábhar dílis a úsáid nuair is féidir – fógraí, irisí, an raidió, an teilifís, an tIdirlíon
- Scileanna taighde na scoláirí a fhorbairt
- Aitheantas a thabhairt do chúrsaí eile na hArdteistiméireachta Feidhmí agus nasc a fhorbairt leo
- Go n-eagrófaí, más féidir, cuairt ar shuíomhanna ina n-úsáidtear an Ghaeilge go laethúil
- An pobal agus an ceantar áitiúil a úsáid mar thaca don fhoghlaim
- Aitheantas a thabhairt don Ghaeilge atá á tabhairt leo ag an scoláirí.

## Scrúdú Seachtrach

Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna scrúdú ceann cúrsa ar na scoláirí. Scrúdú cainte, scrúdú cluastuisceana, scrúdú léamhthuisceana agus scrúdu scríofa bunaithe ar na modúil atá i gceist. Is féidir trí chreidiúint a bhaint amach as an scrúdú seachtrach seo: Creidiúint amháin don Bhéaltrial agus dhá chreidiúint don scrúdú scríofa.





# Modúl 1: An Ghaeilge thart timpeall orainn

## Aidhm

Modúl é seo ina gcuirfear scoláirí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid sa scoil agus lasmuigh di. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as an nGaeilge sin agus páirt ghníomhach a ghlacadh san fhoghlaim. Déanfaidh na scoláirí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

## Réamhriachtanais

Go hidéalach, glactar leis go mbeadh cúrsa bonnleibhéil an Teastais Shóisearaigh nó a chomhionann clúdaithe ag formhór na scoláirí.

## Cuspóirí

- Go gcuirfí ar chumas na scoláirí éisteacht le gíotaí taifeadta agus brí a bhaint astu
- Go gcuirfí ar shúile na scoláirí cé mhéad Gaeilge atá thart orthu agus atá in úsáid go laethúil
- Go mbeadh ar chumas na scoláirí píosa cumarsáide scríofa a dhéanamh as Gaeilge: - ag lorg eolais, ag lorg poist, ag lorg taithí oibre nó ag tabhairt cuiridh do chuairteoir
- Go ndéanfadh gach scoláire tionscadal agus taighde ar ghné éigin den *Ghaeilge thart timpeall orainn* a chuirfeadh lena t(h)uiscint ar a f(h)éiniúlacht chultúrtha.

## Torthaí Foghlama

### Éisteacht/Tuiscint

Go gcuirfí ar chumas na scoláirí gíotaí taifeadta a thuiscint, mar shampla:

- Ceoilíní Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life, fógraí ar Raidió na Gaeltachta
- Gíotaí taifeadta ar líne, ó TG4 agus RTÉ, fógraí
- Ceannlínte nuachta
- Réamhaisnéis na haimsire
- Gaeilge á labhairt: ag an Uachtarán, ag pearsa spóirt, ag cuairteoirí chun na scoile, ag polaiteoirí, ag déagóirí, ag daoine cáiliúla, ag réaltóg teilifíse nó raidió

## Treoiríní do Mhúinteoirí

### Moltar don mhúinteoir:

- A iarraidh ar na scoláirí taifeadadh a dhéanamh de cheoilíní Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus na stáisiún áitiúil. Éisteacht leo sa rang. scoláirí a chur ag cumadh ceoilín shimplí as Gaeilge bunaithe ar cheol nó amhrán dá rogha féin
- Fístaifeadadh a dhéanamh nó a íoslódáil de ghiota nuachta, réamhaisnéis na haimsire, fógraí, torthaí spóirt srl. Scoláirí i ról léitheoirí/láithreoirí ag cur píosa an-ghairid nuachta i láthair
- Taifeadadh a dhéanamh nó a íoslódáil de na samplaí éagsúla a luaitear, an t-ábhar a ullmhú roimh ré agus ceisteanna réamhéisteachta a chur, iad a sheinm agus a phlé
- Sceideal teilifíse a chur i láthair na scoláirí le go ndéanfaidís taifeadadh iad féin de chláir don cheacht Gaeilge
- Suirbhé sráide/scoile/ ranga a dhéanamh ar lucht féachana TG4. Torthaí an tsuirbhé a chur i láthair le graif nó cairteanna srl
- Taighde a dhéanamh ar fhógraíocht ar

## Torthaí Foghlama

Go gcuirí ar shúile na scoláirí cé mhéad Gaeilge atá thart orthu agus atá in úsáid go laethúil, mar shampla:

- Ainmneacha sráideanna, scoileanna, clubanna srl
- Logainmneacha áitiúla, ainmneacha baiste, sloinnté
- Na Seirbhísí Poiblí,
- Cláruimhreacha gluaisteán
- Comharthaí bóthair
- Comharthaí Gaeilge ar na busanna
- Stáisiún traenach
- Amhrán na bhFiann
- An tIdirlíon

### Labhairt

Go mbeadh ar chumas na scoláirí labhairt fúthu féin agus cumarsáid bhunúsach a dhéanamh.

Go ndéanfadh gach scoláire tionscadal nó a leithéid ar ábhar a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha mar shampla:

- An Ghaeltacht
- An Ghaeilge ar an teilifís
- An Ghaeilge ar líne
- An Ghaeilge agus an raidió náisiúnta/áitiúil
- An Naíonra áitiúil
- Coláistí Gaeilge

## Treoiríní do Mhúinteoirí

TG4. A fháil amach cé hiad na comhlachtaí a dhéanann fógraíocht trí Ghaeilge

- Na scoláirí ina ngrupaí nó ina n-aonar a chur i mbun taighde ar an nGaeilge atá le feiceáil sa scoil nó lasmuigh di – ainmneacha na sráideanna, comharthaí bóthair, na Seirbhísí Poiblí, busanna, stáisiún traenach, cláruimhreacha gluaisteán, siopaí, scoileanna, clubanna spóirt, stáisiún na nGardaí srl
- Torthaí na taighde a chur i láthair ar bhealaí éagsúla m.sh. cur i láthair os comhair ranga, go leictreonach, i bhfoirm leabhrán srl
- Cabhrú le múinteoirí Gaeilge imeachtaí Sheachtain na Gaeilge a eagrú agus a reachtáil
- Staidéar a dhéanamh ar léarscáil den cheantar le logainmneacha áitiúla a bhailiú
- Scoláirí a chur ag cur seandaoine faoi agallamh faoi logainmneacha áitiúla
- Cuireadh a thabhairt do dhuine/dhaoine le heolas ar logainmneacha áitiúla a theacht chun na scoile le ceisteanna na scoláirí a fhreagairt fúthu
- Na scoláirí a chur ag fáil míniú ar fhocail choitianta a bhaineann le logainmneacha ar nós: bally, dun, kill,

## Torthaí Foghlama

- Gaelscoileanna
- Comhluadar
- Fógraíocht trí Ghaeilge
- An Ghaeilge i saol an duine fásta
- Logainmneacha
- Eagrais Ghaeilge
- Meon an phobail i leith na Gaeilge
- Seachtain na Gaeilge

### Léamh agus scríobh

Go mbeadh ar chumas na scoláirí ríomhphoist nó blaganna a scríobh:

1. ag lorg eolais

**nó**

2. ag lorg poist

**nó**

3. ag lorg taithí oibre

**nó**

4. ag tabhairt cuiridh do chuariteoir.

## Treoirínite do Mhúinteoirí

- knock, tully, lis, shan, more, beg
- Taighde a dhéanamh ar ainmneacha baiste scoláirí na scoile lena fháil amach cé mhéad scoláire le hainm de bhunadh Gaeilge atá sa scoil
- Brí sloinnte a chur i láthair na scoláirí. Gach scoláire ag déanamh taighde ar a s(h)loinne féin, armas an tsloinne sin agus mana an armais, más ann dó
- Amhrán na bhFiann a mhíniú agus a mhúineadh
- Scoláirí ar an Idirlíon ag lorg suímh le Gaeilge nó i nGaeilge
- Ransú smaointe le teacht ar théarmaí polaitiúla i nGaeilge (Taoiseach, Seanad, boird stáit (An Bord Bia) agus eagrais eile (Teagasc) le hainmneacha i nGaeilge
- Samplaí de cháipéisí oifigiúla agus d'fhógraí oifigiúla i nGaeilge a bhailiú go háitiúil. Ríomhphoist a sheoladh ag lorg foirmeacha nach bhfuil ar fáil go héasca
- Scoláirí ag scríobh ríomhphost nó blaganna as Gaeilge
- Scoláirí ag lorg eolais/poist/taithí oibre/ag tabhairt cuiridh i nGaeilge go leictreonach.

## Eochair-Chleachtaí

- Rinne mé píosa cainte fúm féin
- D'fhéach mé ar chlár teilifíse/ghearrscannán as Gaeilge agus d'fhreagair mé ceisteanna air
- Scríobh mé ríomhphost nó blag:
  1. ag lorg eolais  
**nó**
  2. ag lorg poist  
**nó**
  3. ag lorg taithí oibre  
**nó**
  4. ag tabhairt cuiridh do chuariteoir
- Ghlac mé páirt i dtaighde grúpa bunaithe ar an nGaeilge thart timpeall orainn  
**Nó**
- Rinne mé taighde a bhain leis an nGaeilge thart timpeall orainn agus rinne mé tionscadal bunaithe ar an taighde sin



## Modúl 2: An Ghaeilge mar theanga bheo

### Aidhm

Modúl é seo ina gcuirfear ar chumas na scoláirí páirt a ghlacadh ina gcaitheamh aimsire féin agus i saol na hoibre, trí mheán na Gaeilge. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as saol na hoibre agus cumarsáid bhunúsach a dhéanamh i suíomhanna éagsúla oibre. Déanfaidh na scoláirí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

### Cuspóirí

- Go mbeadh ar chumas an scoláire labhairt faoi chaitheamh aimsire amháin atá aige/aici
- Go mbeadh an teanga riachtanach ag an scoláire le cumarsáid bhunúsach a dhéanamh i suíomhanna áirithe ar saoire
- Go mbeadh ar chumas an scoláire píosa a scríobh abhaile ag cur síos ar laethanta saoire (i bhfoirm blag/ríomhphoist/cárta poist)
- Go ndéanfadh gach scoláire taighde ar ghné éigin den *Ghaeilge mar Theanga bheo*.

## Torthaí Foghlama

### An Scoláire agus a s(h)ainspéiseanna

Braitheann rogha an ábhair don mhodúl seo ar shainspéiseanna na scoláirí iad féin, mar shampla:

- Go mbeadh na scoláirí in ann labhairt go simplí faoina gcaitheamh aimsire
- Go mbeadh an bunfhoclóir a bhaineann le caitheamh aimsire ag na scoláirí
- Go dtuigfeadh na scoláirí torthaí spóirt i nGaeilge
- Go mbeadh scoláirí in ann labhairt go simplí faoin teilifís agus scannáin
- Go mbeadh scoláirí in ann cúrsaí faisin a phlé go simplí
- Go mbeadh ar chumas na scoláirí cur síos ó bhéal a dhéanamh ar ghrúpa ceoil
- Go mbeadh ar chumas na scoláirí tuairisc scríofa nó béil a thabhairt ar cheolchoirm
- Go mbeadh damhsaí céilí nó seite á bhfoghlaím trí Ghaeilge

### An Scoláire agus saol na hoibre

- Go mbeadh an bunfhoclóir a bhaineann le saol na hoibre ag na scoláirí
- Náionra/Creche/feighlí linbh
- Rúnaí

## Treoiríníte do mhúinteoirí

### An Scoláire agus a s(h)ainspéiseanna

Moltar modhanna múinteoireachta gníomhacha a úsáid don mhodúl seo. Braitheann sé, ar ndóigh, ar rogha caitheamh aimsire na scoláirí.

- Scoláirí ag obair i mbeirteanna ag caint faoina gcaitheamh aimsire
- Scoláirí ag déanamh taighde ar na torthaí spóirt agus tuairisc spóirt a thabhairt don rang
- Scoláirí ag déanamh cur i láthair de shaghas éigin ar chúrsaí teilifíse/scannáin/faisin
- Scoláirí ag plé cúrsaí ceoil i ngrupaí
- Blag/alt irise simplí a scríobh ar cheolchoirm/chluiche spóirt
- Damhsa céilí nó seite a dhéanamh leis na scoláirí

### An Scoláire agus saol na hoibre

- Pictiúir a úsáid le foclóir a bhaineann le saol na hoibre a mhúineadh do na scoláirí
- Fístaifeadh a dhéanamh de shlite beatha éagsúla agus na scoláirí a



## Torthaí Foghlama

- Óstán
- Meicneoir
- Oibrí beáir

Go ndéanfaidh gach scoláire tionscadal nó a leithéid ar a rogha ábhair a bhaineann lena gcaitheamh aimsire féin mar shampla:

- Mé féin agus mo chlann
- An caitheamh aimsire is fearr liom
- Pearsa spóirt is fearr liom
- An áit ar mhaith liom bheith ag obair
- Curriculum Vitae as Gaeilge

## Treoirlínte do mhúinteoirí

chur ag déanamh cur síos orthu nó labhairt fúthu go simplí

- Rólghlacadh simplí a reáchtáil i suíomhanna oibre éagsúla
- Bheadh na scoláirí ag obair i mbeirteanna le scoláire amháin ag freagairt an fóin agus an scoláire eile ag cur ceisteanna
- Cruthaigh suíomhanna oibre éagsúla sa rang. Labhairt le custaiméirí
- Curriculum Vitae as Gaeilge a chur le chéile
- Beannú
- Freastalaí
- Clár an lae a reáchtáil

## Eochair-Chleachtaí

- Labhair mé Gaeilge le daoine éagsúla faoi cheann amháin de mo chuid caitheamh aimsire
- Bhí mé in ann Gaeilge a labhairt agus mé ar saoire:
  - faoi na daoine
  - faoin mbia
  - faoin aimsir
  - faoi na háiteanna
  - faoi chaitheamh aimsire
- Scríobh mé ríomhphost/blag/cárta poist as Gaeilge
- Ghlac mé páirt i dtaighde (aonar/grúpa) bunaithe ar mhodúl 2:
- Chuir mé Curriculum Vitae le chéile as Gaeilge

## Acmhainní Leictreonacha

[www.irishlanguage.net](http://www.irishlanguage.net)

[www.scolaire.com](http://www.scolaire.com)

[www.omniglot.com/links/irish.php](http://www.omniglot.com/links/irish.php)

[www.irishpage.com](http://www.irishpage.com)

[www.rte.ie/tv/turasteanga/links.html](http://www.rte.ie/tv/turasteanga/links.html)

[www.oideas-gael.com](http://www.oideas-gael.com)

<http://www.gaeilge.ie>

<http://talkirish.com>

[www.irishsites.com](http://www.irishsites.com)

[www.focal.ie](http://www.focal.ie)

[www.beo.ie](http://www.beo.ie)

[www.snag.ie](http://www.snag.ie)

[www.teachnet.ie](http://www.teachnet.ie)

[www.seomraranga.ie](http://www.seomraranga.ie)

[www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)

[www.skool.ie](http://www.skool.ie)

[www.rteplayer.ie](http://www.rteplayer.ie)

[www.tg4.ie](http://www.tg4.ie)

[www.gaeilge.slss.ie](http://www.gaeilge.slss.ie)

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)